Clár na nÁbhar

Leathanach

Cuspóirí an tSiollabais. 1

Aonad 1: Amhráin Dualgais (Bliain B)

Amhrán na Cuiginne 2

Click Go The Shears 6

Wanderer's Night Song 10

The Verdant Braes of Screen 13

Yesterday 17

The Lord Is My Shepherd. 21

Can't Help Lovin Dat Man 24

Abendsegen. 27

Dul Siar. 31

Aonad 2: Saothair Dhualgais (Bliain B)

Conas scór a léamh. 36

Coinséartó Bhrandenburg uimh. 5 in D le Bach. 37

An chéad ghluaiseacht, Allegro 37

An dara gluaiseacht, Affetuoso. 64

Sraith *Peer Gynt* uimh. 1, Op. 46 le Grieg. 70

An chéad ghluaiseacht, Fonn-Maidine, ... 71

An tríú gluaiseacht, Damhsa Anitra 79

An ceathrú gluaiseacht, I Halla Rí an tSléibhe 86

Rodeo: Ceithre Rince-Eipeasóid le Copland. 95

Uimh. 4, "Hoedown"

Dul Siar. 104

Cuspóirí an tSiollabais – Amhráin Dualgais

Beidh trí ghrúpa amhrán ag déanamh uainíochta, gach bliain ina seal, do gach sraith nua den Teastas Sóisearach agus beidh siad ina gcuid dualgais den siollabas Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil. Beidh gá le heolas níos mionchruinne ar na hamhráin dualgais ná mar a bheidh ar na hamhráin a roghnaítear go comhleantach leo.

Grúpa B: **Amhrán na Cuiginne (Éire)**

Click Go The Shears (An Astráil)

Wanderer's Night Song (Schubert)

The Verdant Braes of Screen (Éire)

Yesterday (Lennon/McCartney)

Is é an Tiarna m'Aoire (An tAth. Thomas Egan)

Can't Help Lovin Dat Man (as "Show Boat" le Jerome Kern)

Evening Prayer (Amhrán Dápháirteach as "Hansel And Gretel" le Humperdink)

Cuspóirí an tSiollabais – Saothair Dhualgais

Déanfaidh trí ghrúpa de shaothair a leagtar síos le haghaidh staidéir ar leith uainíocht, gach bliain ina seal, do gach sraith den Teastas Sóisearach. Beidh gach aon cheann acu ina chuid dualgais den siollabas Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil. Is é Grúpa A atá ar an gcúrsa do scrúdú na bliana 1994; tá Grúpa B ar an gcúrsa do scrúdú na bliana 1995, agus mar sin de. Beidh gá le heolas níos mionchruinne ar na saothair dhualgais ná mar a bheidh ar na saothair a roghnaítear go comhleantach leo.

Grúpa B: **Bach, J.S.** **Coinséartó Bhrandenburg uimh. 5 in D (an chéad ghluaiseacht, Allegro agus an dara gluaiseacht, Affetuoso)**

Grieg: **Sraith *Peer Gynt* uimh. 1, Op. 46 (an chéad ghluaiseacht, Fonn-Maidine, an tríú gluaiseacht, Damhsa Anitra agus an ceathrú gluaiseacht, I Halla Rí an tSléibhe)**

Copland: **Rodeo: Ceithre Rince-Eipeasóid (uimh. 4, "Hoedown")**

Aonad 1: Amhráin Dualgais: Grúpa B

Amhrán na Cuiginne

Is amhrán traidisiúnta as Éirinn (amhrán tíre) an t-amhrán seo. Amhrán grá agus oibre atá ann. Déanann rithim an amhráin aithris ar rithim luascach na cuiginne. Canann an cailín faoina grá geal.





Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mód dó.

Mothúcháin: Grámhar.

Luas: Mear, tomhaiste, rithimeach.

Foirm: AB (véarsa agus curfá)

Véarsa: 2 mhír x 4 bharra.

Curfá: 2 mhír x 4 bharra.

Tá an barra deireanach sa churfá agus sa véarsa mar an gcéanna.

Amchomhartha: 6/8. Ciallaíonn sé seo dhá chroisín poncaithe i ngach barra.

Rithim: Rithim an phoirt Ghaelaigh.

Gnéithe eile Ceoil:

- Airde raon d'ochtach.
- Gluaiseacht chéimneach.
- Léimeanna sa chorda dó.
- An seachtú nóta maolaithe.
- Nóta deireanach sa véarsa agus sa churfá athsheinnte.

Le Foghlaim:

Nóta maolaithe: Íslítear nótaí áirithe leath-thon i stíleanna faoi leith ceoil. Sa cheol traidisiúnta Gaelach íslítear an 7ú nóta.

Bhíodh nós in Éirinn im a dhéanamh tríd an mbainne a chur i soitheach mór agus é a bhualadh ar feadh tamaill fhada go dtí gur athraíodh ina im é. Bhí saol i bhfad níos deacra ag daoine óga an t-am sin, ní raibh siad ábalta dul go dtí an siopa le him a cheannach! Déan taighde faoi seo, agus faoi na nithe eile a rinneadh as bainne, agus faoi chonas a rinneadh iad. Cén saghas oideachais a bheadh ar dhuine óg, ar chomhaois leatsa, a chaitheadh a c(h)uid laethanta ag obair mar seo, i do bharúil? Ar mhaith leat saol mar sin a chaitheamh? Cén fáth? Conas a chuideodh an ceol, nó an amhránaíocht le duine a bheadh ag déanamh oibre mar seo?

Cleachtadh 1.1.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Cé a chum an t-amhrán seo? _____
2. Cén saghas amhráin é? _____
3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil

b. Tá an luas: mall measartha beo

c. Is é an nóta is airde ná: _____ i mír uimhir _____.

d. Is é an nóta is ísle ná: _____ i mír uimhir _____.

e. Réimse an amhráin ná: _____.

f. Is amhrán _____ é: rince oibre óil

g. Tagann an t-amhrán: ó Shasana ón nGearmáin ó Éirinn

h. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna

4. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin

_____

_____

_____

5. Déan taighde ar conas a dhéantaí im as bainne sna seanlaethanta in Éirinn.

_____

_____

_____

6. Buail amach na rithimí seo a leanas:



7. Scríobh rithim 4 bharra i 6/8 anseo:



8. Cuir rithim freagartha leis an rithim thuas anseo:



9. Ciallaíonn an t-amchomhartha 6 thar a 8 go bhfuil na buillí seo a leanas i ngach barra:

   ♪ 3 chroisín ♪ 6 chamán ♪ 2 chroisín poncaithe

10. Is sampla é seo de:

    ♪ tomhas simplí ♪ tomhas comhshuite

11. Tugtar tomhas comhshuite ar amchomhartha nuair atá na buillí briste suas:

    ♪ ina dhá chuid (m.sh. dhá chamán) ♪ ina dtrí chuid (m.sh. trí chamán)

12. Faigh amach conas a dhéantar seacláid as bainne.

    _____

    _____

    _____

Click Go The Shears

Is amhrán oibre ón Astráil an t-amhrán seo. Chanadh fear bearrtha caorach é agus é i mbun oibre. Sa 19ú haois bhíodh feirmeacha caorach ar fud na hAstráile agus thaistilíodh na hoibrithe seo ó fheirm go feirm.



Out on the boards the old shearer stands,
Clasping his shears in his thin bony hands,
Fixed is his eyes on a blue-bellied Joe
Glory, if he gets her, won't he make the ringer go!

Curfá: Click go the shears, boys, click, click, click,
Wide is his blow and his hands move quick,
The ringer looks around as he's beaten by a blow
And curses the old swagger with the blue-bellied Joe.

The tar boy is there, and he's in great demand
With his blackened tar-pot in his tarry hand:
He sees one old sheep with a cut upon its back
This is what he's waiting for, it's "Tar here, Jack!"

The Colonial Experienced Man, he's there of course
With his shiny leggings like he's just off his horse
Casting 'round his eyes, just like a coinnosier,
Whistling the old tying tune, "I'm a perfect lure."

Well, the shearing is over, we've all got our checks
Pack up your swags, boys, we're off on the tracks
The first pub we come to, it's there we'll have a spree
With everybody shouting out, "Come and drink with me!"

Nótaí Eolais faoi na focail

ringer: an fear is tapúla chun caora a bhearradh

swagger: duine a bhfuil an t-ádh air

blue-bellied Joe: caora a bhfuil a bolg bearrtha

tar: ungach do ghearrthaí

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mór.

Mothúcháin: Beoga, bríomhar.

Luas: Tapaidh.

Foirm: Véarsa: A A1; Curfá B A1

Amchomhartha: 6/8

Rithim: rithim luascach.

Gnéithe eile Ceoil:

- Réimse 10 nóta.
- Scála (9 nóta) ag dul síos.
- Nótaí athsheinnte.
- Léimeanna d'ochtach.
- Nóta deireanach athsheinnte.

Le Foghlaim

Amhrán oibre: Amhrán le rithim láidir a chuidíonn le daoine obair fhisiciúil a dhéanamh.

Bearradh caorach atá i gceist san amhrán seo. Is cleachtas é a tharlaíonn thart ar uair sa bhliain nuair a bhaintear an lomra den chaorach. Déantar olann as an lomra, agus déantar geansaithe agus éadaigh eile as an olann ina dhiaidh sin. Is féidir leis an obair a bheith dian agus leadránach, mar sin nuair atá a lán caorach le bearradh is minic a bhíonn comórtas ar siúl idir na fir le feiceáil cé acu is tapúla ag an obair. Bíonn cuma an-difriúl ar chaorach nuair nach bhfuil a chóta mór te air níos mó!



Cleachtadh 1.2.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Cén tír as a dtagann an t-amhrán seo? _____
2. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil

b. Tá an luas: mall moderato mear

c. Is é an nóta is airde ná: _____ sa _____ mhír.

d. Is é an nóta is ísle ná: _____sa _____ mhír.

e. Réimse an amhráin: _____

3. Foirm an amhráin ná: _____
4. Cén saghas amhráin é? _____
5. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin.

_____

_____

_____

6. Cuir dhá bharra de nótaí leis an bhfrása seo thíos chun é a chríochnú. Bain úsáid as scála ag dul suas. Críochnaigh ar dó.



7. Can an frása seo agus ansin can an frása deireanach as an amhrán. Cén leagan atá níos fearr – do leagan nó leagan an amhráin? Cén fáth?

_____

_____

_____

8. Déan taighde ar an obair a dhéantar ag bearradh caorach in Éirinn agus san Astráil. An bhfuil difríochtaí ann san obair? San am den bhliain ina ndéantar an obair? I scileanna na bhfear a dhéanann an obair?

_____

_____

_____

_____

9. Tarraing léarscáil den Astráil i do chóipleabhar. Cuir isteach cúig phríomhbhaile nó cathair.

10. Déan taighde faoin gceol san Ástráil. Cén foirgneamh cáiliúil atá ann don cheol i Sydney? Déan cur síos ar an bhfoirgneamh sin.

_____

_____

_____

_____

_____

11. Faigh amach faoin gcraobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann atá lonnaithe san Ástráil.

_____

_____

_____

_____

_____

Wanderer's Night Song

Is amhrán ealaíne an t-amhrán seo. Chum Franz Schubert (1797 – 1828) é sa bhliain 1823. Léiríonn Schubert suaimhneas an tsuímh shíochánta le luas mall agus gluaiseacht réidh rithimeach. Níl ach 14 bharra san amhrán. Tá an tionlacan simplí le sraith cordaí malla agus rithim shioncóipithe i mbarraí 5 – 8.



Tabhair faoi deara go dtosaíonn an piano le dhá bharra d'intreoir agus go gcríochnaíonn sé le barra amháin leis féin, i ndiaidh don ghuth stopadh.

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mór.

Mothúcháin: Suaimhneach.

Luas: Mall (adagio/langsam).

Foirm: ABCC. Tá faid dhifriúla sna míreanna.

Amchomhartha: 4/4

Rithim: Rithim phoncaithe. Pátrún rithime athsheinnte (barraí 9 agus 10) .

Gnéithe eile Ceoil:

- Réimse 8 nóta. Réimse cúng é seo, agus cuireann sé leis an suaimhneas.
- Úsáidtear an tríú nóta maolaithe chun béim a leagan ar na focail "kaum" (ar éigean). Is sampla é seo d'fhocaldathú mar go gciallaíonn na focail seo "ar éigean a bhfuil fuaim ann".
- Nótaí athsheinnte. Cuireann sé seo leis an suaimhneas chomh maith, mar nach bhfuil aon ghluaiseacht i gceist.
- An mhír dheireanach athsheinnte. Cantar mar mhacalla é, rud a léiríonn an fhuaim ag imeacht i léig.
- Seicheamh sa 3ú agus 4ú frása.
- Níl buaicphointe drámata ag an tséis, tá an suaimhneas níos tábhachtaí.

Tionlacan: Seinneann an pianó cordaí ciúine a léiríonn an fonn suaimhneach.

Le Foghlaim

Seachtrán: Nóta ardaithe nó íslithe nach bhfuil le fáil sa ghléaschomhartha.

Cleachtadh 1.3.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Mínigh an téarma 'amhrán ealaíne' _____

_____

_____

2. Cé a chum an t-amhrán seo? _____

3. Cén tír as a dtagann an cumadóir? _____

4. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Tá an luas seo: suaimhneach beoga gasta

b. Tá sé i ngléas: A B maol D mór

c. Foirm an amhráin ná: ABCA ABCC AABB

5. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin:

_____

_____

_____

6. Ag baint úsáide as an idirlíon faigh eolas faoi Schubert. Cén tír arbh as dó? Cé mhéad amhrán a chum sé i rith an shaoil?

_____

_____

_____

7. Ag baint úsáide as an idirlíon faigh aistriúchán ar na focail seo i nGaeilge. Scríobh síos ar an gceol iad.

8. Buail amach an rithim seo:

9. Bain amach gach ponc ar na nótaí poncaithe thuas agus i ngach cás, déan an nóta a leanann é níos faide leis na barraí ar fad a fhágáil ceart. Lean mar a thaispeántar.



10. Buail amach an rithim nua thuas.

11. Iarr ar do mhúinteoir nó duine sa rang an tionlacan pianó a sheinm nuair a chanann gach duine eile an t-amhrán. An maith leat é? Cén fáth?

_____

The Verdant Braes of Skreen

Is ó Chontae Dhoire in Éirinn an bailéad seo. Is amhrán grá é a léiríonn an gaol idir fear agus bean óg. Is mar a bheadh comhrá an t-amhrán seo, agus léirítear ann an t-áthas agus an brón. Mar gur amhrán tíre é tá leaganacha éagsúla ar fáil de. Tabhair faoi deara éagsúlacht na bhfocal sa chéad véarsa scríofa faoin gceol agus an chéad véarsa eile clóite thíos.



As I rode out one evening fair
By the verdant braes of Skreen
I set my back to a hawthorn tree
To view the sun in the west country
And the dew on the forest green

A lad I spied by Owen's side
And a maiden by his knee
And he was as dark as the very brown wood
And she all whey and wan to see
All whey and wan was she

"Oh, sit you down on the grass," he said.
"On the dewy grass so green
For the wee birds all have come and gone
Since I my true love have seen
Since I my true love have seen"

"Oh then I'll not sit on the grass," she said.
"Nor be a love of thine
For I hear you love a Connaught maid
And your heart's no longer mine," she said
"And your heart's no longer mine."

"Nor I'll not heed what an old man says
For his days are nearly done
And I'll not heed what a young man says
For he's fair to many's the one," she said.
"For he's fair to many's the one."

"And I'll not heed what any man says
Let his hair be white, black, or brown
Save that he were on top of some high gallows tree
And swearin' he'd wish to come down," she said.
"And swearin' he'd wish to come down."

"But I will climb a high, high tree
And I'll rob a wild bird's nest
And back I'll bring whatever I do find
To the arms that I love best," she said.
"To the arms that I love best.

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mód dó leis an 7ú nóta maolaithe cuid den am.

Mothú: Grámhar, brónach.

Luas: Mall.

Foirm: A B C A1 D. Tá cúig mhír ann, rud atá neamhghnách.

Amchomhartha: 3/4 ach athraíonn sé go 2/4 i mbarra 6.

Rithim:

- Ornáidiú, tríphléadaigh.
- Tosaíonn gach mír ar anacrúis (an tríú buille den bharra).

Gnéithe eile Ceoil:

- Réimse d'ochtach.
- An seachtú nóta maolaithe (ach uaireanta tá an seachtú nóta nádúrtha – léiríonn seo neamhchinnteacht an ghrá).

Le Foghlaim:

Tríphléadaigh: Trí nóta seinnte san am a mbíonn dhá cheann de ghnáth.

Cleachtadh 1.4.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Cén contae in Éirinn as a dtagann an t-amhrán seo?_____
2. Cé a chum an t-amhrán? _____
3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Tá an t-amhrán seo: brónach feargach éadmhar

b. Tá an rithim: ilghnéitheach simplí

c. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil

d. Tagann an t-amhrán: ó Shasana ó Éirinn ón Eilbhéis

e. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna

4. Tá _____ mhír sa bhailéad seo.
5. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin seo:

_____

_____

_____

6. Buail amach an rithim seo:

7. Scríobh amach rithim 4 bharra anseo. Cuir isteach tríphléadach sa mhír.



8. Buail amach an rithim thuas.

9. Cad is brí le tríphléadach? _____

10. Faigh amach cá bhfuil Skreen. Amharc ar an léarscáil seo de Thuaisceart Éireann agus marcáil isteach an baile. Is giorrúchán é an t-ainm do Baile na Scríne. Faigh amach cén chiall a bhaineann leis an logainm seo. Marcáil isteach Loch nEachach ar an léarscáil chomh maith.

_____

_____

_____

_____

_____

11. Tá focail an amhráin seo casta go leor. Scríobh amach scéal an amhráin i nGaeilge shimplí. An dóigh leat gur scéal sona nó míshona é? Cén fáth?

_____

_____

_____

12. Céard é an focal i bhFraincis ar "glas"? _____

13. Cad is brí leis an bhfocal "verdant"? _____

14. Cad is brí le "brae"? Tá baint aige leis an bhfocal "bré" i nGaeilge.

_____

15. Ainmnigh áit amháin in Éirinn a bhfuil an focal "bré" mar chuid de. Cén contae ina bhfuil sé?

_____

16. Tá leagan den amhrán seo ag Altan ar an albam "Another Sky". Éist leis. Cén leagan is fearr leat – an leagan atá sa leabhar seo, nó an leagan atá ag Altan? Cén fáth? Ainmnigh na huirlisí a sheinntear ann.

_____

_____

_____

Uirlisí: _____

Uigeacht an amhráin? _____

Amchomhartha? _____

Yesterday (Lennon/McCartney)

Bhí John Lennon agus Paul McCartney ina mbaill den ghrúpa The Beatles. Ba iad The Beatles ceann de na grúpaí pop ba cháiliúla agus ba chumhachtaí ar domhan. Bhí tionchar ollmhór ag ceol The Beatles ar phopcheol sna seascaidí. Chum siad an t-amhrán “Yesterday” sa bhliain 1965.

De bharr cúrsa cóipchirt níl cead againn an ceol den amhrán Yesterday a phriontáil sa leagan digiteach den leabhar.

Can an t-amhrán le taifead. Cuir isteach an líne chomhcheoil seo nuair a thagann na focail “Why she had to go…” isteach.



Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mion agus mór. Mór sa chúrfá (Tosaíonn sé seo leis an bhfocal “yesterday”) agus mion sa véarsa (tosaíonn sé seo leis na focail “Why she”).

Mothú: Brónach le haiféala.

Luas: Moderato.

Foirm: AABA + Coda. Faid éagsúla i ngach cuid: 7 mbarra sa chéad chuid agus sa dara cuid; 8 mbarra sa chuid mion agus 2 bharra sa choda.

Amchomhartha: 4/4 – ceithre chroisín i ngach barra.

Rithim: Sioncóipiú, gluaiseacht camán i mír A.

Gnéithe eile Ceoil:

- Réimse 10 nóta.
- Scálaí ag dul suas agus síos.
- Tonúlacht mhion i mír A agus mhór i mír B.
- Nótaí athsheinnte.



Le Foghlaim

Sioncóipiú: Rithim bhríomhar ina mbaintear an bhéim den áit a mbíonn sé de ghnáth ar an gcéad bhuille den bharra.

Bhí clú agus cáil ar na Beatles ar fud an domhain sna seascaidí agus go luath sna seachtóidí mar gheall ar a gcuid ceoil. Gach áit a dtéidís bhíodh sluaite daoine bailithe ag iarraidh iad a fheiceáil, cailíní óga ag screadaíl orthu agus daoine ag lorg síniú. Shroich go leor amhrán leis na Beatles uimhir a haon sna cairteacha mar gheall ar an tséis álainn so-chanta a bhíodh le fáil sa cheol, agus ar na rithimí damhsa.

Cleachtadh 1.5.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Cén saghas amhráin é seo? _____
2. Cé a chum an t-amhrán seo? _____
3. Cén tír as a dtáinig an cumadóir? _____
4. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Tá an t-amhrán seo:	áthasach	aiféalach	feargach
b. Úsáidtear tonúlacht:	mhór	mhion	mhór & mhion
c. Tá an luas:	mall	moderato	mear
d. Foirm an amhráin ná	AABA	AABC	ABCA

5. Mínigh an téarma ‘rithim shioncóipithe’:

   _____

6. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin seo:

   _____

   _____

7. Scríobh frása freagartha leis an bhfrása seo thíos:



8. Ainmnigh trí thréith den amhrán Yesterday atá le feiceáil sa mhír atá tugtha thuas.

   i. _____

   ii. _____

   iii. _____

9. Buail amach rithim an fhrása atá tugtha thuas.

10. Buail amach rithim an fhrása freagartha.

11. Déan liosta de na hamhráin a chan na Beatles. Faigh 10 sampla:

    i. _____

    ii. _____

    iii. _____

    iv. _____

    v. _____

    vi. _____

    vii. _____

    viii. _____

    ix. _____

    x. _____

12. Déan liosta de na huirlisí a sheinn na Bealtes:

    _____

    _____

13. Ainmnigh an ceathrar cáiliúil a bhí sna Beatles:

    i. _____

    ii. _____

    iii. _____

    iv. _____

14. Cén t-ainm a bhíodh ar na Beatles ar dtús? _____

15. Cén t-ainm a bhí ar an stiúideó taifeadtha? _____

16. Cén t-amhrán de chuid na Beatles is fearr leat? Cén fáth?

    _____

    _____

    _____

Is é an Tiarna m'Aoire

Chuir an tAthair Tom Eagan focail shalm 23 le ceol agus chuir sé loinneog leis. Is éard is loinneog ann ná freagra ar shalm nó ar phaidir. Tógadh ceol na loinneoige ón bhfrása deireanach sa sean-iomann Gaelach "Bí Íosa im' chroíse":



Tá dhá stíl éagsúla san iomann: ceol traidisiúnta sa loinneog agus réchantaireacht sna véarsaí. Tá sé scríofa amach thíos mar a chantar é – gach nóta cothrom sa véarsa, agus nóta fada ag deireadh gach frása.



2: Near restful waters he leads me, to revive my drooping spirit
He guides me along the right path. He is true to his name.

3: If I should walk in the valley of darkness, no evil would I fear.
He guides me along the right path. He is true to his name.

4: You have prepared a banquet for me, in the sight of my foes.
My head you have anointed with oil, my cup is overflowing.

5: Surely his goodness and kindness shall follow me, all the days of my life.
In the Lord's own house shall I dwell, forever and ever.

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mód lá.

Mothúcháin: Ciúin, urramach.

Luas: Mall.

Foirm: Véarsaí agus loinneog.

Amchomhartha: 3/4 sa loinneog.

Rithim:

- Am saor sa véarsa. Úsáidtear rithim na bhfocal.
- Úsáid tríphléadach (gné den cheol Gaelach – ornáidiú).
- Tosaíonn sé ar anacrúis (3ú buille den bharra).

Gnéithe eile Ceoil:

- Réimse d'ochtach.
- Ornáidiú – tríphléadach (gné den cheol Gaelach).
- Tonúlacht mhódúil (gné den cheol Gaelach).
- Gluaiseacht chéimneach sa véarsa (gné den réchantaireacht).
- Nótaí athsheinnte (gné den réchantaireacht).

Le Foghlaim:

An Loinneog: Tá sé bunaithe ar shéis thraidisiúnta na hÉireann. De ghnáth canann an cantóir é ag an tosach agus athchanann an pobal é. Cantar é tar éis gach véarsa den salm.

Na Véarsaí: Tá siad i stíl na cantaireachta eaglasta. Leanann na ceol rithim na bhfocal. Canann an cantóir na véarsaí ina (h)aonar.

Cantóir: Treoraí an phobail

Is é an Rí David a chum na focail de shalm 23, agus tagraíonn sé do Dhia mar aoire, agus do na Críostaithe mar chaoirigh. Tugtar an t-aoire maith ar Íosa i soiscéal Naomh Eoin. Deir sé: "Is mise an t-aoire maith. Tugann an t-aoire maith a bheatha ar son a chaorach." Chomh maith leis sin insíonn Íosa parabal na caorach caillte i soiscéalta Naoimh Mata agus Lúcás, ina ndeir sé gur fiú 99 caorach a fhágáil le dul ar thóir an chaoirigh chaillte. Úsáidtear salm 23 go minic ag sochraidí mar go spreagann sé mothú an fhaoisimh sna daoine a éisteann leis. Is iomaí leagan den cheol atá ar fáil – i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha eile chomh maith. "Le Seigneur est mon berger" an leagan Fraincise, "Der Herr ist mein Hirt" an leagan Gearmáinise. Éist le leaganacha éagsúla i dteangacha éagsúla ar www.youtube.com

Cleachtadh 1.6.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Cén tír as a dtagann an t-amhrán seo? _____
2. Cé a rinne cóiriú ar an amhrán seo? _____
3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil

b. Tá an luas: mall moderato mear

c. Tagann an t-amhrán: ón Spáinn ón Iorua ó Éirinn

d. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna

4. Cén fáth nach bhfuil amchomhartha ag na véarsaí?

_____

_____

5. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin:

_____

_____

_____

6. Can an frása seo:



7. Cén tríchorda ar a bhfuil barra 1 bunaithe? _____
8. Cén tríchorda ar a bhfuil barra 2 bunaithe? _____
9. Cén tríchorda ar a bhfuil barra 3 bunaithe? _____
10. Cén tríchorda ar a bhfuil barra 5 bunaithe? _____
11. Ar do scórpháipéar scríobh na tríchordaí sin ar fad in eochair an doird.
12. Seinn na tríchordaí sin ar an bpianó.

Can't Help Lovin Dat Man
(as "Show Boat" le Jerome Kern)

Is ón gceolra stáitse grinn "Showboat" an t-amhrán seo. Chum an cumadóir Meiriceánach, Jerome Kern an ceol sa bhliain 1927 agus scríobh Oscar Hammerstein na liricí. Tarlaíonn na heachtraí ar bord "Cotton Blossom" ar Abhainn an Mississippi. Canann Julie (amhránaí club-oíche) é seo mar gheall ar a grá geal. Tá go leor gnéithe den snagcheol san amhrán.

De bharr cúrsaí cóipchirt níl cead againn an ceol a chló sa leagan digiteach den leabhar seo.

Éist le taifead den amhrán agus can leis.



Pictiúr de "Showboat Branson Belle" ar Loch Table Rock, Branson. Grianghraf: Lwsimon.

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mór.

Mothú: Áthasach, grámhar

Luas: Moderato.

Foirm: AABA (gach mír 8 mbarra ar fhad).

Amchomhartha: 2/2. Ciallaíonn sé seo dhá mhinim i ngach barra.

Rithim:

- Sioncóipiú, go háirithe i mír A.
- Rithim rialta i mír B.
- Rithim bharra 3 ann go minic (rithim chomónta).

Gnéithe eile Ceoil:

- Réimse 11 nóta.
- Nótaí athsheinnte.
- Nótaí gorma – an tríú agus an séú nóta maol.
- Seicheamh – barraí 1,2 agus 3,4.
- An chéad dá bharra bunaithe ar chorda dó.
- Buaicphointe an amhráin ag an bhfocal ‘fine’ (mír B).
- Ré agus fá ardaithe leath-thon i bhfrása B.

Tionlacan: Ceolfhoireann atá ag seinm.

Le Foghlaim

Nótaí gorma: An tréach agus an seach íslithe. Is gné den snagcheol é seo.

Cleachtadh 1.7.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Cén saghas amhráin é seo? _____
2. Cé a chum an t-amhrán seo? _____
3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Tá an t-amhrán seo: séanmhar aiféalach brónach

b. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil

c. Tá an luas: mall moderato mear

d. Foirm an amhráin ná: ABBA AABA ABAB

e. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna

4. Mínigh an téarma ‘rithim shioncóipithe’:

_____

_____

5. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin:

_____

_____

6. Réimse an amhráin ná? _____
7. Féach ar an líne cheoil seo thíos:

- Buail amach an rithim.
- Can an tséis.
- Cuir réalta in aice le haon nóta nó rithim atá éagsúil leis an mbunleagan den amhrán.
- Cén ceann is fearr leat agus cén fáth? _____

_____

_____

Abendsegen – Paidir Tráthnóna

(Amhrán Dhápháirteach as “Hansel und Gretel”)



Is dísréad é ‘Evening Prayer’ ón gceoldráma *Hansel und Gretel* a chum Engelbert Humperdinck (1854-1921) sa bhliain 1893. Canann an bheirt pháistí sa scéal é. Léiríonn an ceoldráma scéal bheirt pháistí a imíonn ar seachrán san fhoraois. Titeann an dorchadas agus deir siad paidir sula dtéann siad a luí. Is séis shimplí den saghas ‘córúil’ é ‘Abendsegen’. Tá an tséis seo mar phríomhthéama sa cheoldráma. Cloistear é sa réamhdhréacht chomh maith.

Gnéithe Ceoil

Tonúlacht: Mór.

Mothú: Ciúin, cosúil le suantraí.

Luas: Moderato.

Foirm: Cumtha tríd ach úsáidtear móitíf choitianta bunaithe ar thríchordaí tríd síos. Cantar an chéad 8 mbarra i gcomhcheol ina dhiaidh sin cantar in aithris. Tá intreoir cheolfhoirneach ann.

Amchomhartha: 4/4

Rithim: Rithim rialta croisíní tríd an amhrán. Croisín poncaithe agus camáin úsáidte idir barraí 9 agus 12.

Uigeacht: Uigeacht homafónach don chéad 8 mbarra. . Sa dara leath den amhrán, tá na guthanna ag canadh in aithris – uigeacht ilfhónach atá ann.

Gnéithe eile Ceoil:

- Tá an chéad bharra bunaithe ar chorda dó.
- Athraíonn an gléas tríd an amhrán.
- Seicheamh ag dul suas sa dara cuid den amhrán.
- Buaicphointe ag na focail ‘Himmel Paradeisen’ i mbarra 19/20.
- Idirchéim de thréach comónta ann.

Le Foghlaim

Uigeacht ilfhónach: Déanann na páirteanna aithris ar a chéile. Canann páirt amháin barra agus ansin tagann an dara páirt isteach leis an gceol céanna.

Finnscéal atá i scéal Hansel agus Gretel, é bailithe ag na deartháireacha Grimm sa Ghearmáin. De bharr gorta, níl go leor airgid ag tuistí Hansel agus Gretel leis an gclann iomlán a bheathú agus cuireann an mháthair na páistí amach as an teach le hairgead a shábháil. Tagann siad ar theach déanta de mhilseáin sa choill agus gabhann an chailleach a chónaíonn sa teach iad, é ar intinn aici an bheirt a ithe. Éiríonn leo éalú ar deireadh trí í a mharú, agus tugann siad na seodra atá sa teach ar ais chuig a n-athair atá anois ina bhaintreach fir.

Cleachtadh 1.8.1

Freagair na ceisteanna thíos

1. Cén saghas amhráin é seo? _____
2. Cé a chum an t-amhrán seo? _____
3. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart:

a. Tá an t-amhrán seo: suaimhneach brónach feargach

b. Úsáidtear tonúlacht: mhór mhion mhódúil

c. Tá an luas: mall moderato mear

d. Bogann an tséis i: gcéimeanna léimeanna i gcéimeanna & léimeanna

4. Cad é foirm an amhráin seo? _____
5. Cén saghas uigeachta atá san amhrán seo? _____
6. Scríobh liosta de ghnéithe eile an amhráin seo:

_____

_____

7. Cén gléas ina bhfuil an t-amhrán seo scríofa? _____
8. Cén corda ar a bhfuil barra 3 bunaithe? _____
9. An bhfuil seachtrán in úsáid san amhrán? Cén barraí? _____
10. Cad is brí le "*sempre*"? Cén teanga í? _____
11. Cén réimse atá ag páirt 1 san amhrán? _____
12. Cén réimse atá ag páirt 2 san amhrán? _____
13. Buail amach an rithim seo:



Aimsigh an frása seo san amhrán. Abair cén pháirt ina bhfuil sé agus cén barraí:

_____

14. Faigh aistriúchán ar na focail ar an idirlíon agus scríobh isteach faoin gceol i nGaeilge é. An maith leat na focail? Cén fáth? _____

_____

15. Déan taighde ar an idirlíon agus faigh amach scéal iomlán Hansel agus Gretel. Scríobh síos anseo é.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

16. Ainmnigh trí scéal eile a scríobh nó a bhailigh na deartháireacha Grimm.

    i. _____

    ii. _____

    iii. _____

17. Faigh na focail seo san amhrán i nGearmáinis:

    Beirt: _____

    Aingeal: _____

    Tráthnóna: _____

    Neamh: _____

    Codladh: _____

    Téigh: _____

Dul Siar

Ainmnigh na píosaí ceoil seo a leanas a tógadh ó d'amhráin dualgais. I gcás gach ceann acu déan na rudaí seo a leanas:

- Buail amach an rithim.
- Cuir isteach an t-amchomhartha má tá sé in easnamh.
- Oibrigh amach cén gléas ina bhfuil an píosa.
- Scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta.
- Can an frása leis an sólfá tonach.
- Seinn an frása ar aon uirlis.



i. Amhrán: _____

ii. Cumadóir/Tír: _____

iii. Gléas agus tonúlacht: _____

iv. Am-chomhartha: _____



i. Amhrán: _____

ii. Cumadóir/Tír: _____

iii. Gléas agus tonúlacht: _____

iv. Am-chomhartha: _____



i. Amhrán: _____

ii. Cumadóir/Tír: _____

iii. Gléas agus tonúlacht: _____

iv. Am-chomhartha: _____



i. Amhrán: _____

ii. Cumadóir/Tír: _____

iii. Gléas agus tonúlacht: _____

iv. Am-chomhartha: _____



i. Amhrán: _____

ii. Cumadóir/Tír: _____

iii. Gléas agus tonúlacht: _____

iv. Am-chomhartha: _____



i. Amhrán: _____

ii. Cumadóir/Tír: _____

iii. Gléas agus tonúlacht: _____

iv. Am-chomhartha: _____



i. Amhrán: _____

ii. Cumadóir/Tír: _____

iii. Gléas agus tonúlacht: _____

iv. Am-chomhartha: _____

Amhráin Dualgais Bliain B

Amhrán	Catagóir	Tonúlacht	Luas/ Am-chomhartha	Foirm	Mothú	Tír/ Cumadóir	Cur Síos
Amhrán na Cuiginne	Amhrán tíre as Éirinn	mór	Tapa 6/8	ABCD	Luascach, áthasach	Éire	Amhrán oibre canta nuair atá im á dhéanamh.
Click go the Shears	Amhrán tíre as tír eile	mór	Tapa 6/8	ABAC DEAC	Áthasach, bríomhar	An Astráil	Amhrán oibre canta nuair atá caoirigh á lomadh.
Wanderer's Night Song	Amhrán ealaíne	mór	Mall 4/4	ABCC	Suaimhneach, síochánta	Schubert	Suantraí a chuireann síos ar áilleacht an nádúir.
The Verdant Braes of Screen	Bailéad	Módúil	Measartha 3/4	ABA1C	Grámhar, síochánta.	Éire	Amhrán grá. Ní léir go bhfaigheann an cantóir a ghrá.
Yesterday	Pop-amhrán	Mór	Mall 4/4	AABA	Brónach, aiféalach.	Lennon & McCartney	Amhrán ina gcaoineann an cantóir an sonas a bhí aige an lá roimhe, tá sé faoi bhrón inniu.
Is é an Tiarna m'Aoire	Amhrán Eaglasta	Módúil	Mall 3/4 sa chúrfá, saor sa véarsa.	Véarsa & Curfá	Ómósach.	An tAth. Tom Egan	Ceol traidisiúnta curtha le focail ón salm.
Can't Help Lovin' Dat Man	Amhrán as ceoldráma	Mór	Measartha 2/2	AABA	Grámhar, éadrom	Jerome Kern	Bean ag canadh faoin ngrá atá aici do fhear nach bhfuil ró-iontach!
Evening Prayer	Amhrán i bpáirteanna	mór	Mall 4/4	Cumtha tríd	Síochánta, suaimhneach.	Humperdinck	Suantraí in dhá pháirt. Canta ag Hansel agus Gretel.

Is féidir leat an tábla seo a líonadh le heolas ó na hamhráin roghnaithe.

Amhrán	Catagóir	Tonúlacht	Am-chomhartha	Foirm	Mothú	Tír/Cumadóir	Cur Síos

Aonad 2 – Saothair Dhualgais: Grúpa B

Grúpa B

Bach, J.S. Coinséartó Bhrandenburg uimh.5 in D

- An chéad ghluaiseacht: Allegro
- An dara gluaiseacht: Affetuoso

Grieg: Sraith *Peer Gynt* uimh.1, Op. 46



- An chéad ghluaiseacht:

  Fonn-Maidine
- An tríú gluaiseacht,

  Damhsa Anitra
- An ceathrú gluaiseacht: I Halla Rí an tSléibhe

Copland: Rodeo: Ceithre Rince-Eipeasóid

- Uimh.4, “Hoedown”

Nóta faoi scór ceoil a leámh

Sna leathanaigh seo a leanas beidh scór ceoil le léamh agat. Is féidir leis seo a bheith scanrúil ar dtús nuair a thosaíonn tú mar go bhfuil an oiread sin línte ceoil ann. Lean na treoracha seo sula dtosaíonn tú:

1. Más féidir, is fearr dul tríd an scór le haibhseoir sula n-éisteann tú leis an gceol, chun an tséis a shoiléiriú. Má léimeann an tséis ó uirlis go huirlis tá sé tábhachtach go mbeidh do shúile réidh le léimt ó líne amháin ceoil go líne eile ceoil. Cuideoidh an aibhsiú leis seo.

2. Tógadh na scóranna seo ó shuíomhanna ar an idirlíon agus tá cuid acu an-sean. Uaireanta ní bhíonn ainmneacha na n-uirlisí scríofa taobh le gach líne. Tá sé seo fíor faoin scór do Réamhcheol William Tell. Is fearr ainmneacha na n-uirlisí a scríobh isteach ar thaobh an scóir le cuidiú leat.

3. Scríobh isteach uimhreacha na mbarraí ar bharr an chéad bharra ar gach líne cheoil. Cuideoidh sé seo leat nuair atá tú ag iarraidh cleachtaí a dhéanamh, nó briseadh síos a dhéanamh ar fhoirm an cheoil.

4. Is féidir aibhseoirí de dhathanna éagsúla a úsáid le téamaí éagsúla a mharcáil sa scór. Cuideoidh sé seo leat teacht ar na téamaí ceoil go tapaidh.

5. Bain úsáid as dath eile arís le marc a chur ar aon fhocail atá scríofa isteach sa scór. Bain úsáid as an idirlíon le fáil amach cad is brí leo, muna bhfuil siad sa leabhar seo nó i dtéacsleabhar eile atá agat.



Coinséartó Bhrandenburg uimh.5 in D

An chéad ghluaiseacht, Allegro

An dara gluaiseacht, Affetuoso

le J.S. Bach (1685-1750)

Scríobh J.S. Bach a lán ceoil uirlise agus é ina Stiúrthóir Ceoil in Cothen na Gearmáine agus é fostaithe ag an bPrionsa Leopold. Bhí grúpa de sheinnteoirí, seisear déag san iomlán, ar fáil chun a chuid ceoil a sheinm agus mar sin bhí ar a chumas a chuid saothar ceoil nua a thriail. Sa bhliain 1792 choimisiúnaigh Margraf Bhrandenburg é chun roinnt ceoil a scríobh dá cheolfhoireann phríobháideach. Chum agus thiomnaigh Bach sé choinséartó don Mhargraf.

Tugtar mórchoinséartó ar an gcineál coinséartó a chum Bach. Sa chineál seo coinséartó bíonn grúpa beag seinnteoirí (ar a dtugtar consairtín)ag seinm i gcodarsnacht le grúpa níos mó seinnteoirí (ar a dtugtar *ripieno*.

An Chéad Ghluaiseacht, Allegro

Is san fhoirm *ritornello* atá an chéad ghluaiseacht de Choinséartó Bhrandenburg. An chiall atá leis seo ná go bhfilleann an tséis cúpla uair i rith na gluaiseachta.

Barraí 1-9 Tutti 	**An tséis ritornello** – seo séis bhríomhar bunaithe ar chorda dó agus ar scála síos in D mór.
Barraí 9-19 Aonréadaithe	**An Chéad Eipeasóid** - tagann an fhliúit agus an veidhlín isteach agus in aithris ar a chéile fad is atá an chlárchruit ag seinm go broidiúil (gnóthach – an-chuid nótaí) feadh an ama
Barraí 19-31 Tutti	**An tséis ritornello** – filleann sé seo in A mór, agus na haonréadaithe ag teacht isteach ó am go chéile.
Barraí 31-39	**An Dara hEipeasóid** - seinneann an fhliúit agus an veidhlín le rithim shioncóipithe agus an chlárchruit le páirt leanúnach i leathchamáin (ag críochnú V-I in B mion)
Barraí 39-42	**An tséis ritornello –** in B mion anois agus an leagan seo níos giorra.
Barraí 42-58 	**An Tríú hEipeasóid** - tosaíonn an chuid seo leis an gclárchruit, ansin tagann an fhliúit agus an veidhlín isteach in aithris ar a chéile. Seo

	eipeasóid níos faide ná an chéad dá chuid don chonsairtín, ach fós féin tá sé bunaithe ar an ábhar aitheanta.
Barraí 58-61	**An tséis ritornello** – filleann seo in D mór, ach é níos giorra. Tagann an fhliúit isteach roimh dheireadh an ritornello.
Barraí 61-101 Téama nua in F# mion: 	**An Ceathrú hEipeasóid** - Déanann an veidhlín agus an fhliúit aithris ar a chéile, agus seinneann an chlárchruit páirt leanúnach faoina bhun sin. Tagann téama nua isteach (barra 71) in F# mion, agus é seo seinnte ar an bhfliúit agus ar an veidhlín. Le sraith de thríligh ullmhaítear le filleadh ar an ritornello (V-I in A mór)
Barraí 101-102 	**An tséis ritornello –** filleann sé sa cheannasach, A mór, ach an-ghearr.
Barraí 102-121	**An Cúigiú hEipeasóid** - ar an veidhlín agus an fhliúit go príomha, ach gan mhoill tosaíonn an ceol ag ullmhú d'athfhoilsiú (Barra 110) de chéad iontráil na n-aonréadaithe (Barraí 9-19) sa tonach, D mór.
Barraí 121-139	**An tséis ritornello** – in D mór, agus na haonréadaithe ag teacht isteach ó am go chéile
